C/2025/2923

21.5.2025

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

(C/2025/2923)

Foilsíonn an Coimisiún Eorpach an fógra seo i gcomhréir le hAirteagal 3, mír 4 de Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

D'fhoilsigh údaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá (Roinn Cosanta Teorann agus Custaim na Stát Aontaithe) an tuarascáil dar teideal *FY2024 CDSOA Annual Disbursement Report* [Tuarascáil Bhliantúil maidir le heisíocaíochtaí CDSOA le haghaidh na bliana airgeadais 2024] ([2]) an 22 Samhain 2024. Sa tuarascáil liostaítear na heisíocaíochtaí faoi CDSOA le haghaidh na bliana fioscaí 2024. De réir na tuarascála sin, is é USD 321,48 luach na n-eisíocaíochtaí CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón Aontas sa bhliain fhioscach 2024.

Na heisíocaíochtaí faoi CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón Aontas i leith na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, is lú ná USD 30 000 iad. Dá bhrí sin, mar a fhoráiltear le hAirteagal 3, mír 4 de Rialachán (AE) 2018/196, cuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm na dleachta breise dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/196.

([1]) Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2018 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 44, 16.2.2018, lch. 1).

([2]) *FY2024 CDSOA Annual Disbursement Report | U.S. Customs and Border Protection.*